NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10924 – PROXIMUS / ETHIAS / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 18/06)

1. An 12 Eanáir 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Proximus NV/SA ("Proximus", an Bheilg),

— Ethias NV/SA ("Ethias", AN BHEILG),

— Cuideachta nuachruthaithe "Glasfaser Ostbelgien — GO Fiber" (an "JV", AN BHEILG).

Gheobhaidh Proximus agus Ethias rialú comhpháirteach ar an JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é Proximus an t-oibreoir teileachumarsáide reatha sa Bheilg. Tá sé gníomhach i réimse iomlán seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthraíonn seirbhísí mórdhíola agus miondíola, teileachumarsáid fhosaithe agus shoghluaiste, guthsheirbhísí agus seirbhísí sonraí, ar an leibhéal náisiúnta den chuid is mó laistigh den Bheilg. Tá Proximus liostaithe ar Stocmhalartán na Bruiséile. Tá 53,5 % de scaireanna Proximus faoi úinéireacht Stát na Beilge, tá 4,5 % dá scaireanna faoi úinéireacht Proximus agus déantar 42 % de scaireanna Proximus a thrádáil go poiblí,

— Is cuideachta árachais saoil agus neamhshaoil é Ethias, atá gníomhach sa Bheilg go príomha. Tá 31,66 % de scaireanna Ethias faoi úinéireacht Stát na Beilge, Réigiún na Vallúine agus an réigiúin Phléimeannaigh . Tá an 5 % eile de scaireanna Ethias faoi úinéireacht na comhchuideachta EthiasCo. Tá roinnt fochuideachtaí ag Ethias, a dhéanann suas an Grúpa Ethias le chéile, agus atá, i measc nithe eile, gníomhach i bhforbairt réitigh TF/TFC. I gcomhthéacs an Idirbhirt, is é a bheidh i gceist le ról Ethias den chuid is mó rannchuidiú leis an maoiniú riachtanach don JV.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó JV feidhmiú céimneach agus oibriú, ar leibhéal mórdhíola, Líonra dlúth éighníomhach Fiber-To-The-Home ("Líonra FTTH") ó phointe go pointe ar fud chríoch Phobal labhartha Gearmáinise na Beilge (*Deutschsprachige Gemeinschaft* nó "DG") ar iarratas poiblí ón Ard-Stiúrthóireacht. Seirbhís ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne ("FTTH") a bheidh in imscaradh agus oibriú Líonra FTTH laistigh de réimsí sainaitheanta den chríoch sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10924 – PROXIMUS / ETHIAS / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.